# An Straitéis um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

d’Earnáil na Meán Fuaime agus Closamhairc*

2024 - 2027

Coimisiún na Meán

*Sainmhínítear an Earnáil mar comhlachtaí, eagraíochtaí eile agus daoine aonair a bhfuil baint acu le táirgeadh closamhairc agus ábhair fuaime. Áirítear leo seo scannáin, teilifís, raidió, fuaim agus léiriú beochana.

CommSol

Ba mhaith leis An gCoimisiún buíochas a ghabháil le Deirdre Kevin agus le CommSol as an taighde suntasach, an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, agus an obair a rinneadh ar mhaithe le forbairt na Straitéise.

# Clár an Ábhair


2 Réamhrá

6 Tús

11 Príomhcholúin na Straitéise

13 Colúin, Prionsabail, Uirlisí agus Gníomhartha

13 Colún 1: Ionad Oibre/Cultúr

16 Colún 2: Ionadaíocht/Ábhar

20 Colún 3: Rannpháirtíocht

22 Colún 4: Forbairt

24 Forfheidhmiú agus Gníomhartha Amach Anseo

27 Tábla Gníomhartha le haghaidh Choimisiún na Meán

30 Treoir don Earnáil Fuaime agus Closamhairc

34 Aguisín

# Réamhrá

## Brollach

Tá géarghá le straitéis uileghabhálach um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, d'earnáil na meán fuaime agus closamhairc agus tá sí ar cheann de thosaíochtaí Choimisiún na Meán ó bunaíodh é. Tugadh tús áite don Straitéis seo toisc an tábhacht a bhaineann léi chun go bhforbrófaí meáin atá bisiúiL aguséagsúil. Is bunchloch lárnach é seo atá mar bhonn taca faoi obair uile Choimisiún na Meán. Is céim thábhachtach chun tosaigh í an Straitéis sin chun a chinntiú go mbíonn an earnáil fuaime agus closamhairc sin inrochtana, ionchuimsitheach, éagsúil agus go léirítear léi Éire an lae inniu.

Baineann an Straitéis, an chéad sampla dá leithéid don tionscal in Éirinn, le heagraíochtaí agus daoine aonair a bhíonn ag plé le léiriú ábhair closamhairc agus fuaime, lena n-áirítear léiriú scannán, teilifíse, raidió, fuaime agus beochana.

Bhí comhairliúchán forleathan i gceist le dréachtú na Straitéise, leo siúd i dtionscal na seirbhísí meán fuaime agus closamhairc agus le comhlachtaí a bhíonn ag obair i réimse na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta freisin. Forbraítear léi obair Údarás Craolacháin na hÉireann, comhlacht atá anois díscaoilte, amhail éachtaí an Phlean Gníomhaithe Inscne agus ba mhaith le Coimisiún na Meán buíochas a ghabháil leo siúd a thug a gcuid ama agus saineolais go fial le linn an phróisis sin.

## Na Céimeanna Atá Romhainn

Tá sé i gceist ag Coimisiún na Meán go gcuirfí an Straitéis chun feidhme ar fud na hearnála. Ní rud é go mbeidh sí ann go haonarach sa Choimisiún, ach is amhlaidh a bheidh sí mar bhonn taca faoin obair a dhéanfaidh sé agus é ag comhlíonadh a fheidhme maidir le Forbairt na Meán, agus go deimhin faoin obair ar fud na heagraíochta freisin.

Déanfar athbhreithniú rialta uirthi, agus déanfar tuilleadh comhairliúcháin lena chinntiú go bhfuil an tseasmhacht inti chun athruithe breise i sochaí na hÉireann agus éabhlóid na meán féin a chur san áireamh.

Mar cheann de na moltaí ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, moladh go bhforbrófaí Caighdeáin Éagsúlachta i dtionscal na meán in Éirinn, agus céim thábhachtach i dtreo na forbartha sin is ea an Straitéis um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (ICÉI).

Déanfar neart comhairliúcháin i dtaobh na gCaighdeán ICÉI atá le teacht, beidh siad cóir tomhaiste, agus beidh an taighde atá faoi stiúir Rannóg Taighde Choimisiún na Meán mar bhonn taca fúthu. Dá thoradh sin, ba mhian linn feidhm a bheith ag na Caighdeáin agus go ndéanfaidís difear ceart.

## Maoiniú

Beidh an Straitéis, agus na Caighdeáin atá le teacht, ina bpríomhchritéir de scéimeanna maoinithe Choimisiún na Meán. Cuireann an scéim maoinithe Fuaim agus Fís le baint amach na gcuspóirí inscne, comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta ar bhonn gníomhach faoi láthair, rud a chinntíonn go léirítear réimse tuairimí agus go dtacaítear leo laistigh den tionscal.

Leanfar de chur chun feidhme thionscnamh ICÉI a bhaineann le maoiniú de réir mar a fhorbraímid Scéimeanna Meán, lena n-áirítear Scéimeanna Iriseoireachta, a bheidh neodrach ó thaobh ardáin de, sna blianta amach romhainn.

Tá Coimisiún na Meán freagrach as rialú a dhéanamh ar sheirbhísí ‘ar éileamh’ raidió, teilifíse agus closamhairc atá bunaithe in Éirinn. Cloífidh an Coimisiún leis an Straitéis ICÉI agus é i mbun a chuid feidhmeanna rialála ar na seirbhísí agus na soláthraithe seirbhíse sin.

Ar an gcuma chéanna, dá dtabharfaí isteach Tobhach Saothar de chuid na hEorpa dóibh siúd a sholáthraíonn Físeáin ar Éileamh ar mhaithe le léiriú clársceidealúcháin Eorpaigh in Éirinn a spreagadh, bheimis den tuairim, mar atá i gcás an Chiste Craolacháin dár gcuid, go mbeadh amhlaidh nasctha le cur chun feidhme na dtionscnamh ICÉI a luaitear sa Straitéis seo.

## Cur Chun Feidhme

Maidir le ICÉI a chur chun cinn i dtionscal na meán, tugann Coimisiún na Meán faoi deara moladh an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán a deir an méid seo a leanas:

*Ní mór breithniú a dhéanamh ar an meicníocht is oiriúnaí chun an gníomh seo a chur i gcrích, cibé acu trí reachtaíocht phríomhúil chun cur ar chumas Choimisiún na Meán oibleagáidí rialála ceangailteacha a chur i bhfeidhm nó trí thionscnamh deonach.*

Tá sé tábhachtach go gcuirfí dóthain ama ar leataobh chun gur féidir eolas a chur ar an Straitéis nua, agus go dtabharfaí an deis don earnáil chun na moltaí inti a chur chun feidhme, chun leas an tionscail agus an lucht éisteachta/féachana. Dá mbeadh gá le tuilleadh reachtaíochta chun tacú leis an réimse sin, déanfaidh an Coimisiún cás ar son na reachtaíochta sin.

## Maoirseacht

Beidh grúpa stiúrtha ina bhfuil daoine atá i bhfách le hathrú sa réimse sin, mar chabhair dúinn agus sinn ag brath romhainn. Tiocfaidh an grúpa stiúrtha le chéile go rialta, tuairisceoidh siad d'fhóram ICÉI bliantúil agus tacóidh an Coimisiún leis chun a chinntiú go ndéanfar a bhfuil geallta a thomhas agus a sholáthar. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí an ghrúpa sin as ucht a gcuid ama a thabhairt don obair thábhachtach seo.

Cuirfear an t-eolas is déanaí maidir le cur chun feidhme na Straitéise faoi bhráid choláiste na gCoimisinéirí i gCoimisiún na Meán go rialta freisin. Tuairisceofar forbairtí sa tionscal chomh maith lenár gcuid taighde inmheánaigh agus nuashonrófar doiciméad ina mapálfar tionscnaimh agus gníomhartha ICÉI sa tionscal ar bhonn bliantúil. Ar shuíomh gréasáin nua Choimisiún na Meán, beidh faisnéis maidir le hInscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, lena n-áirítear ár gcuid torthaí taighde

# Conclúid

Chuala ***Coimisiún um Thodhchaí na Meán (CTM)*** go raibh gá le héagsúlacht ionadaíochta in ábhar na meán, agus chomh maith leis sin go raibh gá le hinrochtaineacht níos fearr laistigh de na réimsí a bhaineann le coimisiúnú na meán agus leis an léiriú féin. Tá buntáistí sochaíocha agus poiblí tábhachtacha ag baint le hearnáil na meán fuaime agus closamhairc atá idir inrochtana agus chuimsitheach, agus is féidir leis sin a bheith ina bhuntáiste freisin d'eagraíochtaí meán agus iad ag iarraidh freastal ar lucht éisteachta nua agus athraitheach.

Beidh gá le tacaíocht, monatóireacht agus maoiniú leanúnach chun tacú leis an Straitéis, agus ní bheidh Coimisiún na Meán uireasach ina leith sin.



**Rónán Ó Domhnaill**
An Coimisinéir ar
Fhorbairt na Meán

# Tús

**Príomhchuspóir:** tacaíocht a thabhairt d'earnáil meán fuaime agus closamhairc na hÉireann maidir le pleanáil, forbairt agus cur i bhfeidhm réimse gníomhaíochtaí agus tograí straitéiseacha i gcomhréir le dea-chleachtas, ar mhaithe le tírdhreach na meán a chothú a léiríonn éagsúlacht shochaí na hÉireann agus a bhfuil teacht ag an tsochaí air.

Tá forbairt agus foilsiú na Straitéise um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (ICÉI) mar chuid den rannpháirtíocht fhadtéarmach agus leanúnach a bhíonn ar siúl ag Coimisiún na Meán chun inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn san earnáil agus beidh tuilleadh gníomhaíochtaí ann in 2025 agus ina dhiaidh sin. Sa Straitéis seo, cuirtear leis obair ar tugadh fúithi roimhe seo, amhail An Plean Gníomhaithe Inscne (GAP) de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, agus ar an obair a rinneadh i gcomhthéacs "Athbhreithniú na bPáirtithe Leasmhara ar an GAP" in 2021 agus ag tagairt do réimse tuarascálacha taighde arna gcoimisiúnú ag Údarás Craolacháin na hÉireann a bhí ann roimhe seo inar scrúdaíodh gnéithe éagsúla den chomhionannas inscne, den éagsúlacht agus den ionchuimsitheacht in earnáil na meán.

Reáchtáladh pléghrúpaí idir Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2023 le réimse príomhpháirtithe leasmhara, grúpaí sainleasa agus ionadaíocha, údaráis reachtúla, saineolaithe ICÉI, agus príomhghníomhaithe eile i réimse na forbartha, an mhaoinithe agus na hoiliúna sna hearnálacha cultúrtha, cruthaitheacha, fuaime agus closamhairc níos leithne. Dáileadh ceistneoirí ar earnáil na meán fuaime agus closamhairc chun a gcuid straitéisí, pleananna, beartas agus gníomhaíochtaí atá i

réim faoi láthair a mhapáil. I mí na Samhna 2023, tugadh faoi chomhairliúchán i scríbhinn maidir le Colúin, Prionsabail agus Gníomhartha na Dréachtstráiteise ina bhfuarthas a thuilleadh aiseolais. Ar deireadh, eagraíodh ceardlann i mí Eanáir 2024 nuair a roinn páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí, phléigh siad réitigh a bhí molta agus tháinig ar chomhdhearcadh maidir leis an Straitéis féin.[1] Tá sé mar aidhm go dtabharfaí léargas sa Straitéis seo ar an réimse gníomhartha agus tionscnamh atá ar siúl san earnáil faoi láthair chomh maith leis na smaointe agus na cuir chuige nua a thabharfar isteach de réir mar is cuí. Ina theannta sin, léirítear sa doiciméad seo an t-aiseolas ó na próisis chomhairliúcháin – go háirithe ó na grúpaí sainleasa ábhartha, na saineolaithe ICÉI agus na comhlachais mhaoinithe agus forbartha.

Tá sé tábhachtach go nglacfaí le cuir chuige éagsúla na bpáirtithe éagsúla a bhraitheann ar mhéid agus acmhainní, chomh maith le sainchúraimí, róil agus oibleagáidí na gcineálacha éagsúla eagraíochtaí in earnáil na meán agus iad ag cur le leas an phobail. Príomhcheist is ea a mhéid atá eagraíochtaí meán ag príomhshruthú chuspóirí ICÉI trasna a n-eagraíochtaí, rud ar leag an Coimisiún um Thodhchaí na Meán béim air. Ag eascairt as an athbhreithniú a rinneadh ar ghníomhaíochtaí na hearnála, is léir gurb amhlaidh atá cúrsaí cheana féin – agus cuir chuige inmheánacha cultúir agus fostaíochta san ionaid oibre forbartha ag cuid mhaith eagraíochtaí meán fad is a bhíonn straitéisí á bhforbairt ó thaobh ábhar na gclár de. Tá cur chuige bunaithe ar phrionsabail i gceist leis an Straitéis go pointe áirithe trí phríomhspriocanna/príomhphrionsabail straitéiseacha a leagan amach, réimse uirlisí a chur i láthair chun na spriocanna sin a bhaint amach, agus cumsítear sa Straitéis leis tuairisc ó earnáil na meán fuaime agus closamhairc ar ghníomhartha a rinneadh agus na torthaí a baineadh amach. Taobh leis an gcur chuige bunaithe ar phrionsabail, déantar tagairt sa doiciméad do roinnt oibleagáidí a d’fhéadfadh a bheith nasctha le reachtaíocht/rialachán na meán nó le cóid a thagann go díreach faoi shainchúram Choimisiún na Meán mar aon le cinn eile a bhaineann le reachtaíocht lasmuigh den sainchúram sin.

1 Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an bpróiseas sin, aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus na gníomhaíochtaí atá i réim faoi láthair in earnáil na meán fuaime agus closamhairc, féach an doiciméad gaolmhar dar teideal “Straitéis um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a Fhorbairt d’earnáil na meán fuaime agus closamhairc - aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus tionscnaimh earnála arna n-ullmhú ag CommSol, mí Eanáir 2024.”

## Creat Dlíthiúil agus Beartais

Forbraítear an Straitéis faoi chuimsiú na gceart, na n-oibleagáidí agus an dea-chleachtais a leagtar amach sna Conarthaí idirnáisiúnta (na Náisiúin Aontaithe) agus Eorpacha (Comhairle na hEorpa, an tAontas Eorpach), sna Conarthaí um Chearta an Duine, Rúin, Rialacháin agus Moltaí a bhaineann le comhionannas inscne, le cearta mionlach agus grúpaí imeallaithe éagsúla, agus le cearta daoine faoi mhíchumas. Is é an creat reachtúil agus beartais in Éirinn, lena n-áirítear Achtanna na hÉireann um Chomhionannas Fostaíochta agus Achtanna na hÉireann um Stádas Comhionann ('na hAchtanna'), atá mar bhonn faoin Straitéis. Cumhdaítear leo sin na naoi bhforas frith-idirdhealaithe: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, claonadh gnéis, cine, reiligiún, agus baill den Lucht Siúil. Sa reachtaíocht ábhartha freisin tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionanna s agus Cearta an Duine (2014), an tAcht um Míchumas (2005), an tAcht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní (2021), an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach, 2017-2021, an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+, 2019-2021, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais (2023) agus an Straitéis Nuálaíochta Uathachais atá ar na bacáin. Aithnítear leis an Straitéis gur cheart go mbeadh an míbhuntáiste socheacnamaíoch ina phríomhthoisc don ionchuimsitheacht atá le breithniú agus gníomhaíochtaí á bhforbairt agus á gcur chun feidhme.

Leagtar amach sainchúram sonrach Choimisiún na Meán sa réimse seo san Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (alt 7.2): "agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna, féachfaidh an Coimisiún lena chinntiú..[.].. c) go bhfuil na seirbhísí craolacháin agus na seirbhísí meán closamhairc ar éileamh atá ar fáil sa Stát oscailte, ionchuimsitheach agus iolraíoch, agus maidir le beartais an Choimisiúin i leith na seirbhísí sin, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur an méid seo a leanas san áireamh— (i) a dteangacha agus a dtraidisiúin; . [.]... (iii) a n-éagsúlacht, lena n-áirítear éagsúlacht reiligiúin, eitice, cultúir, teanga, shocheacnamaíoch, agus inscne; (iv) a leibhéil rannpháirtíochta sna seirbhísí sin agus a leibhéil ionadaíochta i gcláir ar na seirbhísí sin, agus (v) maidir le daoine faoi mhíchumas, a riachtanais i ndáil le hinrochtaineacht ar na seirbhísí sin,"

Leagtar béim sa chreat reachtach, maidir le leithdháileadh na gceadúnas, go bhfuil sé d'aidhm: "go mbunófar éagsúlacht seirbhísí i limistéar lena ndéanfar freastal ar réimse fairsing ábhar is díol spéise do dhaoine, lena n-áirítear ábhair is díol spéise do leasanna mionlaigh." (An tAcht Craolacháin 2009, alt 65). Ina theannta sin, maidir le ceadúnais a dheonú le haghaidh conarthaí craolacháin fuaime agus le haghaidh conarthaí seirbhíse clár teilifíse, cuirtear san áireamh "a inmhianaithe atá sé éagsúlacht seirbhísí a bheith ar fáil sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra chun freastal ar réimse fairsing ábhar is díol spéise do dhaoine, lena n-áirítear ábhair is díol spéise do leasanna mionlaigh" (An tAcht Craolacháin 2009, alt 66).

Sonraítear freisin san Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 (alt 46N) go bhféadfaidh Coimisiún na Meán cóid seirbhíse meán a fhorbairt lena "[n]déantar foráil maidir le caighdeáin agus cleachtais chun na nithe seo a leanas a chur chun cinn: (a) ionadaíocht chothrom inscne ar rannpháirtithe i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha arna gcraoladh ag craoltóirí nó arna gcur ar fáil ag soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh; (b) go gcraoltar ceol arna chumadh nó arna chasadh ag mná i gcláir arna gcraoladh ar sheirbhísí craolacháin fuaime."

Maidir leis na caighdeáin agus na cleachtais lena gcothaítear cothromaíocht na hionadaíochta inscne i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha, tabharfar aghaidh air sin sa Chód nuashonraithe de chuid Choimisiún na Meán maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha. Áirítear le Cóid ábhartha eile an Cód nuashonraithe um Chaighdeáin Chláir atá ar na bacáin, i ndáil le meas a léiriú ar dhaoine agus ar ghrúpaí sa tsochaí i gcomhthéacs an chlársceidealaithe.

Féadfaidh Coimisiún na Meán, agus é i mbun rialacha a dhéanamh maidir le feiceálacht ábhair ar threoracha idirghníomhacha, cláir a áireamh (i measc cinn eile) "(e) a bhaineann le cearta an duine, lena n-áirítear comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht". (An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (alt 128C). Maidir le feiceálacht saothar Eorpach, tabharfaidh Coimisiún na Meán aird ar (i measc nithe eile) "a) cuspóir na héagsúlachta cultúrtha ". Maidir leis an scéim oibreacha Eorpacha (an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (alt 159F), féadfar cistí a sholáthar le haghaidh na nithe seo a leanas (i measc cinn eile): *"(a) cláir chlosamhairc nua a bhaineann le — (i) cultúr, teanga, stair, oidhreacht, sochaí agus spórt na hÉireann, (ii) eispéiris mhuintir oileán na hÉireann, lena n-áirítear eispéiris daoine de shíolrach Éireannach a bhfuil cónaí orthu thar lear, (iii) inbhuanaitheacht chomhshaoil, bithéagsúlacht, agus athrú aeráide, (iv) cearta an duine, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht,"*

Leis an Scéim Fuaim agus Fís soláthraíodh deiseanna cheana féin chun comhionannas inscne, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a fheabhsú in earnáil na meán. Ina theannta sin, cuireann Coimisiún na Meán tacaíocht agus maoiniú ar fáil do réimsí éagsúla forbartha earnála, oiliúna, líonraithe agus imeachtaí, ar réimsí iad ina gcuirtear saincheisteanna ICÉI san áireamh cheana féin. Tá forbairt na Straitéise bunaithe freisin ar mholtaí ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán (CTM) ina dTuarascáil agus i bPlean Forfheidhmithe agus Gníomhaithe na Roinne. Tá sé beartaithe go ndéanfar athbhreithniú ar an Straitéis tráth nach déanaí ná 24 mí tar éis a foilsithe. Tá sé beartaithe freisin go mbeidh an Straitéis mar bhonn faoi fhorbairt caighdeán sa réimse seo ar fud thírdhreach earnáil meán fuaime agus closamhairc na hÉireann.

# Sainmhínithe agus Tuiscint ar Théarmaí

Tugtar le tuiscint le **comhionannas inscne san ionad oibre** comhionannas deiseanna maidir le hearcaíocht, oiliúint agus ardú céime, agus comhionannas i ndáil le pá comhionann as obair chomhionann. Ba cheart an comhionannas inscne a léiriú i mbeartais lena soláthraítear cothromaíocht ar bhoird agus sa bhainistíocht. Éilítear leis an gcomhionannas inscne freisin go ndéanfar beartais inmheánacha a chur in oiriúint chun timpeallacht atá oiriúnach do theaghlaigh a chruthú do gach tuismitheoir agus cúramóir.

Tugtar le tuiscint leis **an gcomhionannas inscne "ar an aer"** cothromaíocht idir guthanna, rannpháirtithe, saineolaithe agus láithreoirí thar réimse na gclár lena n-áirítear cláir nuachta, faisnéise, siamsaíochta agus spóirt.


Tugtar le tuiscint **le héagsúlacht san ionad oibre** go n-áirítear san ionad oibre ionadaíocht chothrom ar shochaí na hÉireann maidir le hinscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, claonadh gnéis, cine, eitneachas agus cúlra cultúrtha, reiligiún, baill den Lucht Siúil, agus stádas socheacnamaíoch.

Cuirtear in iúl **le héagsúlacht "ar an aer"** a éagsúla atá sochaí na hÉireann maidir le hinscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, claonadh gnéis, cine, eitneachas agus cúlra cultúrtha, reiligiún, baill den Lucht Siúil, agus stádas socheacnamaíoch.

Is éard atá i gceist leis an **ionchuimsitheacht** gníomh, rogha ghníomhach agus sraith iompraíochtaí atá dírithe ar thimpeallacht a chruthú is dual do gach duine, agus inar féidir leo bheith faoi bhláth. Baineann ionchuimsitheacht in earnáil meán fuaime agus closamhairc na hÉireann le hionaid oibre ionchuimsitheacha sábháilte mheasúla, cleachtais fostaíochta ionchuimsitheacha agus cruthú ábhair ionchuimsitheach. Cumhdaítear leis an ionchuimsitheacht fostaíocht, deiseanna gairme agus foghlama, cruthú ábhair agus rannpháirtíocht i gcláir a léiríonn a éagsúla atá sochaí na hÉireann maidir le hinscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, claonadh gnéis, cine, eitneachas agus cúlra cultúrtha, reiligiún, baill den Lucht Siúil, agus stádas socheacnamaíoch.

# Príomhcholúin na Straitéise

Tá ceithre phríomh-Cholún idirghaolmhara, a leagtar amach thíos, mar thaca leis an Straitéis a d’eascair as an bplé agus na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe éagsúla i réimse na hInscne, an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus na hIonchuimsitheachta, inar cuimsíodh éiceachóras earnáil na meán fuaime agus closamhairc in Éirinn agus gníomhaíochtaí na bpríomhpháirtithe leasmhara: Ionad Oibre/ Cultúr, Ionadaíocht/ Ábhar, Rannpháirtíocht agus Forbairt.



Ní hamháin go bhfuil na Colúin idirghaolmhar ach is amhlaidh a neartaíonn siad a chéile freisin. Mar shampla, is deacair éagsúlacht san earnáil a mhéadú gan forbairt, oiliúint agus scileanna. Ba cheart go mbeadh tionchar ag lucht saothair atá níos éagsúla ar ábhar agus ionadaíocht. Ba cheart go mbeadh tionchar ag rannpháirtíocht le grúpaí agus pobail éagsúla ar ábhar agus ionadaíocht freisin.

Sna hailt seo a leanas tugtar tuairisc ar na Prionsabail faoi gach Colún mar aon le réimse uirlisí agus cuir chuige a bheidh le húsáid in earnáil na meán fuaime agus closamhairc chun na spriocanna sin a bhaint amach. Aithnítear sa Straitéis gurb éagsúil éiceachóras meán fuaime agus closamhairc na hÉireann ó thaobh na gcineálacha eagraíochtaí meán, a méid agus a gcuid acmhainní (ó eagraíochtaí móra príobháideacha agus poiblí go heagraíochtaí réigiúnacha, áitiúla agus pobail), agus maidir lena róil agus sainchúraimí sonracha agus a mhéid a bhfuiltear ag súil go rannchuideoidh siad le leas an phobail. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar ghníomhaithe éagsúla san earnáil tabhairt faoi chur chun cinn na hinscne, an chomhionannais, na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta ar bhealaí éagsúla.

Éileofar cuid de na gníomhartha sin ar eagraíochtaí meán áirithe agus/nó comhlachais eagraíochtaí mar a shonraítear. Áirítear ar ghníomhaíochtaí eile moltaí lenar cheart cuidiú le heagraíochtaí meán fuaime agus closamhairc chun tacú leis na Prionsabail. Áirítear samplaí de dhea-chleachtas sna táblaí bunaithe ar ghníomhartha na n-eagraíochtaí meán mar atá faoi láthair agus ar mholtaí na bpáirtithe leasmhara. Beidh roinnt gníomhartha mar bhonn faoi shraith chaighdeáun ICÉI a bheidh le forbairt ag Coimisiún na Meán mar chuid den obair leantach sa réimse seo. Ós rud é go bhfuil na Colúin idirghaolmhar, luaitear roinnt Prionsabal agus gníomhartha athuair faoi Cholúin éagsúla.
Sa chuid deiridh den doiciméad seo – Forfheidhmiú agus Gníomhartha Amach Anseo – soláthraítear amlínte maidir le baint amach na ngníomhartha atá le déanamh ag Coimisiún na Meán chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise, agus amlínte maidir le gníomhartha a bheidh le déanamh san earnáil.

# Colúin, Prionsabail, Uirlisí agus Gníomhartha

## Colún 1: Ionad Oibre/Cultúr

**Príomhphrionsabail:**

### Cuspóirí ICÉI a phríomhshruthú ar fud eagraíochtaí[2] agus na hearnála

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann leis an Ionad Oibre/Cultúr | Freagracha |
|---|---|
| Beartais, pleananna agus straitéisí ICÉI a fhorbairt agus a fhoilsiú. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile, comhlachais uile na meán[3] |
| Ceannaire nó bainisteoir freagrach eile a cheapadh. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, Grúpaí Raidió[4] |
| Moltar go láidir ceannaireacht ICÉI a chur ar bun in eagraíochtaí meán nó comhlachais meán aonair.[5] | Eagraíochtaí/cuideachtaí meán níos lú |
| Comhoibriú idir ranna (nó comhlachais eagraíochtaí meán, nó grúpaí meán) a chinntiú. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| I measc na samplaí de dhea-chleachtas tá coistí ICÉI inmheánacha, seaimpíní, comharghrúpaí, coistí comhlachais. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Prionsabail/critéir ICÉI a chomhtháthú in Acmhainní Daonna (AD) i ndáil le hearcú, ardú céime agus coinneáil foirne. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| I measc na samplaí de dhea-chleachtas i ndáil le AD tá athbhreithniú ar phróisis a bhaineann le fógraíocht phoist, earcaíocht, agallaimh agus measúnú. Áirítear leis an dea-chleachtas oiliúint a sholáthar maidir le saincheisteanna ICÉI (féach thíos) d'fhostaithe a bhfuil baint acu le hearcaíocht, do ghníomhaireachtaí earcaíochta seachtracha agus do phainéil agallaimh. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Measúnú ar chomhdhéanamh an lucht saothair trí shuirbhéanna deonacha inmheánacha anaithnide agus torthaí a áireamh i dtuarascálacha bliantúla chuig Coimisiún na Meán. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, Grúpaí Raidió[6] |

2 Féach Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, Moladh 2-5 Boird Ilchineálachta agus Ceannródaíocht, leathanach 54.
3 Tá beartais den sórt sin forbartha ag formhór na n-eagraíochtaí meán cheana féin (Samhain 2023). Déanfaidh Coimisiún na Meán cumarsáid le heagraíochtaí agus comhlachais meán atá níos lú féachaint an féidir tuilleadh treorach a sholáthar sa réimse seo.
4 Féach Coimisiún um Thodhchaí na Meán, Straitéis Feidhmithe agus Plean Gníomhaithe na Roinne, Leathanach 11.
5 I gcás eagraíochtaí meán atá níos lú – Meáin Phobail – bíonn an cheannaireacht níos comhoibríoch faoi chomhlachais na meán pobail. De réir aiseolais ó cheistneoir, tá ceannairí ICÉI ag 15 bhallstáisiún de IBI cheana féin (30/11/2023).
6 D'fhéadfaí grúpaí nó líonraí de stáisiúin raidió a áireamh i nGrúpaí Raidió, mar shampla Bauer Media Audio Ireland, Wireless Ireland.

**Príomhphrionsabail:**

## Timpeallacht oibre atá sábháilte, dearfach, measúil, ionchuimsitheach agus fáilteach a chinntiú

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann leis an Ionad Oibre/Cultúr | Freagracha |
|---|---|
| Oiliúint ábhartha leanúnach a chur ar fáil don fhoireann a chumhdaíonn feasacht maidir le ICÉI, feasacht maidir le míchumas, claontuairim neamh-chomhfhiosach, frithchiníochas etc. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Beartais a bhaineann le frithbhulaíocht/frithchiapadh agus frithchiníochas a fhorbairt, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha maidir le hionaid oibre. Pointí teagmhála sonracha agus baill foirne oilte a cheapadh chun déileáil leis na saincheisteanna sin. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Sampla de dhea-chleachtas maidir le frithbhulaíocht/ frithchiapadh/frithchiníochas is ea nuair a bhaineann sé sin le comhar seachtrach freisin – mar shampla é a cheangal ar tháirgeoirí seachtracha clárú le beartas inmheánach cuideachta dá gcriú, nó tiomantas a thaispeáint do Safe to Create.[7] | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Tacú le straitéisí agus comhoibriú le gníomhaithe tionscail eile chun timpeallacht shábháilte ar líne a chruthú do gach iriseoir agus oibrí meán chun dul i ngleic le mí-úsáid ar líne.[8] | Coimisiún na Meán i gcomhar le Grúpa Rannpháirtíochta na Meán[9] |
| Inrochtaineacht fhisiceach ar ionaid oibre agus ar sheirbhísí a chinntiú, agus inrochtaineacht ar ábhar a fheabhsú.[10] | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Is dea-chleachtas é an Dearadh Uilíodh a bheith mar chur chuige (i dtimpeallachtaí fisiceacha agus digiteacha): bonneagar, táirgí agus seirbhísí i gcás a bhfuil gá ag an bhfoireann leo.[11] | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Áirítear leis an dea-chleachtas daoine faoi mhíchumas a spreagadh le bheith ina Seaimpíní Éagsúlachta chun an clár CÉI a thiomáint. D'fhéadfadh sé go gcuideodh an infheictheacht le fostaithe eile a bheith ar a gcompord lena stádas míchumais a roinnt. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Bunú Grúpaí Acmhainní Fostaithe (ERGanna) a spreagadh. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, Grúpaí Raidió |

7 Féach mionsonraí maidir leis an tionscadal Safe to Create: https://www.safetocreate.ie/. Is díol spéise freisin iad na moltaí ó FairPlé.

8 Baineann sé sin le hobair Choimisiún na Meán freisin maidir leis an gCód Sábháilteachta Ar Líne agus fuathchaint.

9 An Garda Síochána, i gcomhar le hAontas Náisiúnta na nIriseoirí, agus páirtithe leasmhara eile sna meáin, bhunaigh siad Grúpa Rannpháirtíochta na Meán chun bagairtí agus foréigean i gcoinne iriseoirí a phlé agus chun freagairt chomhordaithe a chinntiú.

10 Inrochtaineacht ar ábhar faoi Rialacha Inrochtaineachta Choimisiún na Meán, de réir na Treorach um Sheirbhísí Meán Closamhairc.

11 I gcomhréir le Gníomh Inrochtaineachta an Aontais Eorpaigh.

**Príomhphrionsabail:**

## Deireadh a chur leis na bacainní ar dhul chun cinn na mban san earnáil closamhairc

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann leis an Ionad Oibre/Cultúr | Freagracha |
|---|---|
| Tuarascálacha ar an mBearna Phá idir na hInscní a fhoilsiú (i gcás inar gá de réir an dlí) nó measúnuithe deonacha a dhéanamh (i gcás nach gá de réir an dlí) mar thomhas ar dhul chun cinn. | Os cionn 250 fostaí<br>Os cionn 50 fostaí |
| Cuid den Dea-Chleachtas is ea athbhreithniú a dhéanamh ar AD i ndáil le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, cúramóirí agus daoine atá ag teacht ar ais ó shaoire mháithreachais/atharthachta agus cineálacha eile tacaíochta amhail postroinnt agus obair chumaisc nó cianobair. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Áirítear leis an dea-chleachtas oiliúint ceannaireachta agus meantóireacht. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Tuairisciú bliantúil ar ghníomhartha agus tionscnaimh chun comhionannas inscne san ionad oibre a chur chun cinn. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Tuairisciú bliantúil ar mhiondealú Inscne na foirne agus na bainistíochta. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, Grúpaí Raidió |

**Príomhphrionsabail:**

## Deireadh a chur leis na bacainní ar rochtain ar an earnáil do mhionlaigh agus grúpaí eile a d'fhéadfadh a bheith fágtha amach

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann leis an Ionad Oibre/Cultúr | Freagracha |
|---|---|
| Páirt a ghlacadh in oiliúint agus forbairt trí intéirneachtaí agus meantóireachtaí straitéiseacha agus tacú leo sin. Tacú le hintéirneachtaí íoctha. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, Grúpaí Raidió, comhlachais meán |
| Cuid den dea-chleachtas is ea intéirneachtaí íoctha lena chinntiú go n-ionchuimsítear daoine ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste mar aon leo siúd a bhfuil cónaí orthu i bhfad ó mhoil meán. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis chun daoine a mhealladh isteach i bhfostaíocht, intéirneachtaí agus meantóireachtaí chun na nithe sin a dhéanamh níos ionchuimsithí. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Áirítear leis an dea-chleachtas cineálacha nua próiseas a thabhairt isteach chun iarratas a dhéanamh, amhail taifeadtaí fuaime nó físe. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Tuairisciú bliantúil ar ghníomhartha agus tionscnaimh chun éagsúlacht san ionad oibre a chur chun cinn. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |

# Colún 2: Ionadaíocht/Ábhar

**Príomhphrionsabail:**

## Éagsúlacht ábhair, guthanna, tuairimí agus scéalta a chur chun cinn

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le hIonadaíocht/Ábhar | Freagrach |
|---|---|
| Cuir chuige comhoibríocha inmheánacha tras-roinne (nó tras-chomhlachais) a bhunú, amhail boird inmheánacha, comharghrúpaí, seaimpíní nó boird chomhlachais chun éagsúlacht ábhair a fheabhsú. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Dea-chleachtas: meithleacha inmheánacha, nó Seaimpíní, nó coistí comhlachais. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Oiliúint feasachta ábhartha leanúnach a sholáthar maidir le ICÉI, feasacht maidir le míchumas, claontacht neamh-chomhfhiosach, ionchuimsitheacht chomhfhiosach, frithchiníochas, etc. agus fócas ar leith ann ar na meáin. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le huirlisí inmheánacha a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chothromaíocht na hionadaíochta inscne ar na haerthonnta agus ar éagsúlacht ar na haerthonnta de réir mhúnla an tionscadail BBC 50/50[12] – nó úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí eile chun éagsúlacht ar an aer a rianú, amhail uirlisí algartamacha. | Meáin fuaime/chlosamhairc nó comhlachais ionadaíocha seachas na meáin phobail |
| Déanfaidh Coimisiún na Meán measúnú ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le córais mhalartacha nó chomhlántacha a fhorbairt chun inscne, comhionannas agus éagsúlacht ar an aer a thomhas trí thionscadail phíolótacha i gcomhar leis an bpobal taighde. | Coimisiún na Meán le hollscoileanna agus páirtithe leasmhara |

12 Córas deonach féinmhonatóireachta arna úsáid ag foirne eagarthóireachta agus léiriúcháin chun monatóireacht a dhéanamh ar a n-ábhar. Tionscadal 50:50 an BBC.

**Príomhphrionsabail:**

## Cothromaíocht inscne a chinntiú ó thaobh guthanna ar na haerthonnta de

| **Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le hIonadaíocht/Ábhar** | **Freagrach** |
|---|---|
| Uirlisí amhail an bunachar sonraí "Women on Air" a úsáid chun saineolaithe agus guthanna nua a shainaithint. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Cothromaíocht inscne a chinntiú i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha.[13] | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Áirítear le dea-chleachtas a chinntiú go gcoimeádtar cothromaíocht tuairimí le linn cothromaíocht inscne a chinntiú i gcúrsaí reatha agus i ndíospóireacht pholaitiúil. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, Grúpaí Raidió |
| Spóirt na mban a chur chun cinn agus rannpháirtíocht saineolaithe/tráchtairí ban a mhéadú.[14] Craoladh ceoil arna scríobh nó arna chasadh ag mná a chur chun cinn.[15] | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |

13 Aghaidh le tabhairt air sin sa Chód nuashonraithe maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

14 Féach an Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní, 2017-2020: sochaí níos fearr a chruthú do chách - Gníomh 3.7 Bearta a dhéanamh chun infheictheacht níos fearr a thabhairt do spórt na mban sna meáin chraolta]. In éineacht le Spórt Éireann, forbróidh Coimisiún na Meán Straitéis do Chraolachán Spóirt a chuimseoidh ceist na héagsúlachta.

15 Coimisiúnóidh Coimisiún na Meán taighde sa réimse seo.

**Príomhphrionsabail:**

## Éagsúlacht shochaí na hÉireann a léiriú thar réimse na seánraí cláir[16]

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le hIonadaíocht/Ábhar | Freagrach |
|---|---|
| Iniúchadh a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé bunachar sonraí "Éagsúlacht ar an Aer" a fhorbairt agus a úsáid chun feasacht ar shaineolaithe agus guthanna nua a mhéadú. | Coimisiún na Meán agus an earnáil ina hiomláine |
| Feabhas a chur ar cháilíocht agus éagsúlacht na meán Gaeilge.[17] | Coimisiún na Meán agus an earnáil ina hiomláine |
| Comhoibriú le gníomhaithe eile san earnáil fuaime agus closamhairc chun ábhar a chruthú agus ábhar a fhorbairt. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Uirlisí inmheánacha amhail an tionscadal 50/50 (féach thuas) – nó uirlisí algartamacha eile nó modheolaíocht taighde de chuid Choimisiún na Meán chun dul chun cinn a thomhas. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile seachas na Meáin Phobail |
| ICÉI a chomhtháthú i gcoimisiúnú/ forbairt ábhair. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV |
| Caighdeáin ICÉI a fhorbairt. | Coimisiún na Meán |
| Dul i dteagmháil le pobail agus grúpaí éagsúla i ndáil le forbairt ábhair. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| I gcás iarratais ar mhaoiniú le haghaidh téamaí ar chláir a phléann le grúpaí nó codanna sonracha den tsochaí, scrúdóidh Coimisiún na Meán rannpháirtíocht na ngrúpaí sin roimhe seo i bhforbairt coincheap/scéalta mar chritéar. | Le hiniúchadh ag Coimisiún na Meán |
| Imeachtaí cultúrtha a cheiliúradh agus iad a chur i dtábhacht. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Áirítear leis an dea-chleachtas rannpháirtíocht le himeachtaí: Lá Idirnáisiúnta na mBan, Seachtain an Mhórtais, an Lá Idirnáisiúnta um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú, Lá Idirnáisiúnta an Lucht Siúil agus na Romach, Mí Stair na nDaoine Gorma, Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas agus eile de réir mar is ábhartha.[18] | |

16 Féach An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais – "Cuspóir a Trí: Á Fheiceáil agus Ag Glacadh Páirte: Rannpháirtíocht mhionlaigh a chumasú".

17 Tabharfar aghaidh ar fheabhsú cháilíocht agus éagsúlacht na meán Gaeilge freisin san athbhreithniú ar na meáin Ghaeilge ó Choimisiún na Meán atá ar na bacáin.

18 Féach an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+ 2019-2021 – Colún Téamach "Infheicthe agus Cuimsithe" - Gníomh 1.4.
Féach an Straitéis Ionchuimsitheachta an Lucht Taistil agus na Romach, 2017 – 2021, "oidhreacht chultúrtha a fhorbairt, a chaomhnú agus a chur chun cinn".

**Príomhphrionsabail:**

## Sochaí ionchuimsitheach a chothú, ina gcaitear le grúpaí éagsúla ar bhealach cothrom agus le dínit.[19] Ag dul i ngleic le Steiréitíopaí, fuathchaint agus aithisiú [20]

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le hIonadaíocht/Ábhar | Freagrach |
|---|---|
| Úsáid a bhaint as treoirlínte agus treoirlínte teanga arna soláthar ag eagraíochtaí ionadaíocha, NUJ, agus ENRanna eile.[21] | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Príomh-Ábhar Seirbhíse Poiblí a sholáthar amhail faisnéis sláinte poiblí arna fotheidealú i dteangacha a léiríonn daonra na hÉireann.[22] | RTÉ, TG4, Virgin Media TV |
| Grúpaí éagsúla a phríomhshruthú ar fud seánraí cláir. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Is éard atá i gceist le dea-chleachtas ná go dtugtar cuireadh freisin do dhaoine ó ghrúpaí éagsúla nó de ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a bheith rannpháirteach sna meáin chumarsáide chun ceisteanna a phlé a théann thar a saolta féin - mar shaineolaithe ar réimsí eile a bhaineann leis an tsochaí i gcoitinnne. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Áirítear ar shamplaí de dhea-chleachtas freisin éagsúlacht rannpháirtithe a bheith ann i gcláir shiamsaíochta, sobalchláir, quizeanna, comórtais, teilifís réaltachta, etc. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV |
| Áirítear leis an dea-chleachtas steiréitíopáil ar charachtair i ndrámaí agus i gcláir shiamsaíochta a sheachaint. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Beartais/cóid iompair a thabhairt isteach maidir le tuairisciú ar ghrúpaí éagsúla, rannpháirtíocht (ar an aer, agallaimh, míreanna vox pop) le grúpaí nó ionadaithe grúpaí/pobal.[23] | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Ba cheart oiliúint a chur ar láithreoirí agus óstaigh ar an aer chun déileáil le caint fhuafar agus dhímheasúil ó aíonna nó rannpháirtithe i gcláir, lena n-áirítear cláir fónála isteach.[24] | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |

19 Féach an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+ 2019-2021 – Colún Téamach "Infheicthe agus Cuimsithe" - Gníomh 1.3.

20 Bainteach le hobair an Choimisinéara Sábháilteachta Ar Líne maidir le forbairt an Chóid Sábháilteachta Ar Líne.
Féach an An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais– Gníomh 3.3 – bearta chun deireadh a chur le scaipeadh fuathchainte ar líne.

21 Mhínigh roinnt páirtithe leasmhara go raibh treoirlínte den sórt sin forbartha acu cheana féin (NDA, LADTI, etc.). D'fhéadfadh an eagraíocht ábhartha treoirlínte breise a fhorbairt maidir le teanga chuí agus ionadaíocht daoine a bhfuil uathachas orthu sna meáin.

22 Coimisiún um Thodhchaí na Meán, Straitéis Feidhmithe agus Plean Gníomhaíochta Roinne, leathanach 12. Le scrúdú ar bhonn níos mionsonraithe ag Coimisiún na Meán.

23 Féadfaidh an Cód um Chaighdeáin Clár agus an Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha, a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair (Eanáir 2024), a bheith mar bhonn eolais faoi sin. I gcomhréir freisin leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais, Gníomh 3.2 - Cód eitice a fhorbairt do chleachtais na meán chun aghaidh a thabhairt ar ionadaíocht ó phobail mhionlaigh eitneacha agus chiníocha sna meáin.

24 Féach freisin an Cód um Chaighdeáin Clár atá ar na bacáin (Prionsabal 5 "Meas ar Ghrúpaí sa tSochaí").

# Colún 3: Rannpháirtíocht

**Príomhphrionsabail:**

## Rannpháirtíocht fhiúntach a fhorbairt le grúpaí éagsúla agus imeallaithe

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le Rannpháirtíocht | Freagrach |
|---|---|
| Struchtúir rannpháirtíochta fhoirmiúla agus/nó neamhfhoirmiúla le grúpaí a bhfuil tearcionadaíocht acu. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |

**Príomhphrionsabail:**

## Rannpháirtíocht chomhoibríoch

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le Rannpháirtíocht | Freagrach |
|---|---|
| Fóram ICÉI a fhorbairt agus a bheith rannpháirteach ann laistigh den earnáil chun ardán a sholáthar le haghaidh plé, le haghaidh rannpháirtíocht le grúpaí agus pobail éagsúla agus ar mhaithe le samplaí de dhea-chleachtas agus cás-staidéir a roinnt. | Coimisiún na Meán i gcomhar le páirtithe leasmhara |

**Príomhphrionsabail:**

## Ábhar meán a sholáthar ar bhealach ionchuimsitheach

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le Rannpháirtíocht | Freagrach |
|---|---|
| Meonta grúpaí éagsúla a chur san áireamh le linn ábhar a bhaineann lena bpobail a fhorbairt. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Bheith rannpháirteach le hobair an bhunachair sonraí "Women on Air". | Coimisiún na Meán i gcomhar le páirtithe leasmhara |
| Iniúchadh a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé bunachar sonraí "Éagsúlacht ar an Aer" a fhorbairt agus a úsáid chun feasacht ar shaineolaithe agus guthanna nua a mhéadú. | Coimisiún na Meán agus na meáin fuaime/chlosamhairc |
| Tá Coimisiún na Meán le scrúdú a dhéanamh ar bhealaí le feabhas a chur ar fhorbairt, úsáid agus cothabháil na mbunachar sonraí sin nó modhanna eile chun sonraí a bhailiú. | Coimisiún na Meán |
| Dul i dteagmháil le pobail agus grúpaí éagsúla i ndáil le forbairt ábhair. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |

**Príomhphrionsabail:**

## Deireadh a chur le bacainní ar rochtain ar an earnáil agus comhionannas rochtana ar dheiseanna a chur chun cinn.

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le Rannpháirtíocht | Freagrach |
|---|---|
| Feasacht a mhúscailt ar dheiseanna san earnáil trí fhor-rochtain, comhdhálacha agus líonraí. | Coimisiún na Meán i gcomhar le páirtithe leasmhara |
| Tacú le forbairt líonraí nua. | Coimisiún na Meán i gcomhar le páirtithe leasmhara |
| Tacú le hoiliúint, intéirneachtaí agus meantóireachtaí agus iad a éascú. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Is é an dea-chleachtas tacú le hintéirneachtaí íoctha.[25] | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, IBI[26] |
| Rannpháirtíocht le hinstitiúidí ardoideachais, institiúidí oiliúna agus scoileanna agus gníomhaíochtaí for-rochtana eile. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Áirítear ar shamplaí de dhea-chleachtas cuairteanna, cainteanna agus laethanta oscailte, etc. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |

25 Ní féidir intéirneachtaí íoctha a chinntiú in earnáil na meán neamhbhrabúis.
26 Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann.

## Colún 4: Forbairt

**Príomhphrionsabail:**

### Rannchuidiú le forbairt an lucht saothair amach anseo

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le Forbairt | Freagrach |
|---|---|
| Measúnú inmheánach ar riachtanais foirne amach anseo, mar shampla i réimse na teicneolaíochta, oiliúint sa Ghaeilge agus na meáin nua mar fhócas ar fhorbairt foirne amach anseo agus rochtain ar lucht féachana nua agus éagsúil agus níos óige. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, Grúpaí Raidió |
| Tacú le hoiliúint, intéirneachtaí agus meantóireachtaí agus iad a éascú. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Is é an dea-chleachtas tacú le hintéirneachtaí íoctha. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, IBI |
| Moltar go láidir go ndéanfar athbhreithniú ar na próisis chun daoine a mhealladh isteach i maoiniú, tionscnaimh, intéirneachtaí agus meantóireachtaí chun na nithe sin a dhéanamh níos ionchuimsithí, trí iarratais ar intéirneachtaí le físeán/podchraoladh a cheadú, mar shampla. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |

**Príomhphrionsabail:**

### Cosáin chuig rochtain agus deiseanna a fhorbairt

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le Forbairt | Freagrach |
|---|---|
| Rannpháirtíocht le hinstitiúidí ardoideachais, institiúidí oiliúna agus scoileanna chun feasacht a mhúscailt, agus líonraí nua a fhorbairt. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Áirítear ar shamplaí de dhea-chleachtas cuairteanna, cainteanna agus laethanta oscailte, etc. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |

**Príomhphrionsabail:**

## Deireadh a chur le bacainní ar chomhionannas inscne maidir le dul chun cinn san earnáil. Deireadh a chur le bacainní ar rochtain ar an earnáil agus comhionannas rochtana ar dheiseanna a chur chun cinn

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le Forbairt | Freagrach |
|---|---|
| Rannpháirtíocht le hinstitiúidí ardoideachais, institiúidí oiliúna agus scoileanna chun rannchuidiú le hoiliúint, feasacht a mhúscailt, agus líonraí nua a fhorbairt. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |
| Áirítear ar shamplaí de dhea-chleachtas tionscadail Idirbhliana, socruithe oibre do dhaltaí, cláir do chéimithe, intéirneachtaí agus printíseachtaí. | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, IBI |
| Comhar agus comhoibriú le heagraíochtaí uile-tionscail um scileanna, oiliúint agus forbairt agus um maoiniú chun rannchuidiú le hoiliúint, feasacht a mhúscailt, agus líonraí nua a fhorbairt. | Na meáin fuaime/ chlosamhairc uile |

**Príomhphrionsabail:**

## Rannpháirtíocht maidir le saineolas agus eispéiris a roinnt ar fud na hearnála

| Uirlisí agus Gníomhartha a bhaineann le Forbairt | Freagrach |
|---|---|
| Bheith rannpháirteach san Fhóram ICÉI atá beartaithe laistigh den earnáil chun ardán a sholáthar le haghaidh plé, rannpháirtíochta agus ar mhaithe le dea-chleachtas a roinnt. | Coimisiún na Meán i gcomhar le páirtithe leasmhara |

# Forfheidhmiú agus Gníomhartha Amach Anseo

**Cad a dhéanfaidh Coimisiún na Meán chun forfheidhmiú na Straitéise a éascú:**

Leanfaidh Coimisiún na Meán leis an tacaíocht a thugann sé do na straitéisí ICÉI agus do ghníomhartha san earnáil arna n-éascú tríd an Scéim maoinithe Fuaim agus Fís (agus trí scéimeanna maoinithe a beidh ann amach anseo), an scéim urraíochta agus trí mhaoiniú don oiliúint, forbairt agus líonrú.

Leanfaidh Coimisiún na Meán le bailiú agus le foisliú sonraí maidir le comhionannas inscne sa Scéim maoinithe Fuaim agus Fís.

Baileoidh agus foilseoidh Coimisiún na Meán faisnéis maidir le cúrsaí inscne agus éagsúlachta, ar faisnéis í a bhaileofar trí na scéimeanna maoinithe um Fhorbairt Earnála agus trí na scéimeanna Urraíochta.

Leanfaidh Coimisiún na Meán leis an gcomhoibriú atá ann faoi láthair freisin le príomhghníomhaithe eile san earnáil amhail Fís Éireann agus an Chomhairle Ealaíon agus forbróidh sé an comhoibriú sin a thuilleadh chun scéimeanna agus tionscadail a chomhordú a bhfuil baint shoiléir acu le gach earnáil den tionscal closamhairc agus cultúrtha ina iomláine.

Comhoibreoidh Coimisiún na Meán le comhlachtaí ionadaíochta cuí maidir le forbairt na hearnála a mhéid a bhaineann le hoiliúint, foghlaim agus forbairt scileanna. Ina thaobh sin, leanfaidh Coimisiún na Meán lena chlár um Fhorbairt Earnála.

Leanfaidh Coimisiún na Meán de thacaíocht a thabhairt do thaighde cáilíochtúil ar chomhionannas inscne, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht san earnáil – ag léiriú comhthéacsanna agus taithí shaoil – agus de thacaíocht a thabhairt do staidéir chainníochtúla bunaithe ar bhailiú sonraí (féach tuilleadh thíos). Tá obair an Aonaid Taighde laistigh de Choimisiún na Meán ríthábhachtach ina leith sin, agus beidh an comhar leanúnach leis an bpobal taighde fíorthábhachtach freisin.

Tabharfar faoi athbhreithniú ar an Straitéis ICÉI dhá bhliain tar éis a foilsithe. Tugann amhlaidh deis don earnáil plé a dhéanamh ar a bhfuil ag éirí leis agus ar na cuir chuige is fearr, agus ceadaíonn sé go ndéanfaí an Straitéis a chur in oiriúint nó a fheabhsú nó, más gá, go ndéanfaí na cóid ábhartha a choigeartú nó a fhorbairt. Le haghaidh na tréimhse sin, is amhlaidh is cáilíochtúil a bheidh na príomhtháscairí feidhmíochta den chuid is mó. Tar éis modhanna bailithe sonraí a bhunú, d'fhéadfaí príomhtháscairí feidhmíochta cainníochtúla a thabhairt isteach.

## Na chéad chéimeanna eile do Choimisiún na Meán

Leanfaidh Coimisiún na Meán lena chuid oibre ar Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar mholtaí breise ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán. Cuimseoidh sé sin caighdeáin ICÉI a fhorbairt don Earnáil.[27] Beidh na caighdeáin sin bunaithe ar na gníomhartha agus na gníomhartha molta sa Straitéis agus is é Coimisiún na Meán a fhorbróidh iad i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara.

Beidh sé d'aidhm ag Coimisiún na Meán agus ag earnáil na meán fuaime agus closamhairc teacht ar chomhaontú maidir le tuairisciú bliantúil ar ghníomhaíochtaí ICÉI agus ar a dtionchar. Beidh sé seo cosúil leis an bpróiseas a úsáideadh chun an Straitéis a fhorbairt trí cheistneoirí ar mhaithe le faisnéis cháilíochtúil a bhailiú maidir le beartais, pleananna, tionscadail agus tionscnaimh. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí iarraidh ar na seirbhísí sonraí a bhailiú agus aiseolas a sholáthar maidir le tionchar na straitéisí agus na bpleananna ICÉI. Fiosróidh Coimisiún na Meán an acmhainneacht atá ann d'earnáil na meán fuaime agus closamhairc chun sonraí a sholáthar maidir lena lucht saothair.

Déanfaidh Coimisiún na Meán taighde a choimisiúnú chun faisnéis a sholáthar a bheidh ina treoir maidir le cóid seirbhíse na meán atá beartaithe lena dtabhairt isteach ar mhaithe le caighdeáin agus cleachtais a sholáthar chun go gcuirfear chun cinn craoladh ceoil arna chumadh nó arna chasadh ag mná i gcláir arna gcraoladh ar sheirbhísí craolacháin fuaime.

Déanfaidh Coimisiún na Meán staidéar féidearthachta ar bhailiú sonraí amach anseo, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara. Sa staidéar sin ní mór aghaidh a thabhairt ar na paraiméadair a bhainfidh le creat bailithe sonraí. Cuimseoidh sé sin athbhreithniú ar dhea-chleachtas i stáit eile, agus beidh bailiú sonraí in Éirinn amhail an Straitéis Náisiúnta um Shonraí Comhionannais arna seoladh in 2022 mar bhonn eolais faoi. Déanfar scrúdú ar shinéirgí le gníomhaithe eile san earnáil a bhailíonn sonraí, amhail Fís Éireann, an Chomhairle Ealaíon agus institiúidí acadúla chun na cuir chuige maidir le bailiú sonraí, ceistneoirí, neamhainmníocht agus comhlíonadh RGCS a chomhchuibhiú. Leis an mbailiú sonraí dírítear ar dhá chatagóir: sonraí maidir leis an lucht saothair; agus sonraí maidir le comhionannas agus éagsúlacht ar an aer. Sa chéad chás, cinnfidh Coimisiún na Meán ar a mhéid is féidir iarraidh ar na seirbhísí meán fuaime agus closamhairc sonraí maidir le hinscne sa lucht saothair, agus sonraí maidir le héagsúlacht (trí shuirbhéanna anaithnide) san ionad oibre a sholáthar. Is é

27 I gcomhréir leis an moladh ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán.

an cuspóir atá le sonraí maidir leis an lucht saothair a bhailiú tuiscint a fháil ar stádas reatha na hinscne, an chomhionannais, na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta chun dul chun cinn amach anseo a rianú.[28] Nuair a thagann sé go dtí bailiú sonraí maidir le comhionannas agus éagsúlacht ar an aer, déanfar iniúchadh, i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara, ar na féidearthachtaí a bhaineann le bailiú sonraí.

Cuirfidh Coimisiún na Meán Fóram bliantúil um Chomhionannas, Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ar bun laistigh den earnáil (lena gcuimseofar na príomhpháirtithe leasmhara uile) Bunóidh Coimisiún na Meán Fóram bliantúil Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheacht laistigh den earnáil (lena gcuimseofar na príomhpháirtithe leasmhara go léir). Áireofar ar ról an Fhóraim ICÉI sin (i measc nithe eile): ardán a sholáthar le haghaidh plé agus rannpháirtíocht le grúpaí agus pobail éagsúla; samplaí de dhea-chleachtas agus cás-staidéir a roinnt; cur le forbairt caighdeán ICÉI i ndáil le maoiniú; cur le forbairt teimpléad chun suirbhéanna anaithnide ar éagsúlacht foirne a dhéanamh ar fud an tionscail.

Cuirfidh Coimisiún na Meán Coiste Stiúrtha ar bun don Straitéis ICÉI lena gcumasófar athbhreithniú rialta ar na príomhghníomhartha sa Straitéis.

28 San RA, tá sé faoi churam ag Ofcom reachtaíocht CEI a chur chun cinn sa fhórsa saothair. Níl aon sainchúram dlíthiúil ag Ofcom, áfach, cuótaí a fhorchur ar chomhdhéanamh an lucht saothair.

# Tábla gníomhartha le haghaidh Choimisiún na Meán

| Gníomh | Eagraíocht | Amlíne beartaithe | Príomhtháscaire feidhmíochta |
|---|---|---|---|
| Seoladh na Straitéise um ICÉI | Coimisiún na Meán / Páirtithe Leasmhara | R2 2024 | Preaseisiúint |
| Leanfaidh Coimisiún na Meán de thacaíocht a thabhairt do na straitéisí ICÉI agus do ghníomhartha san earnáil agus iad a éascú trí scéimeanna maoinithe agus tacaíochtaí eile | Coimisiún na Meán | Ar siúl | Ar siúl |
| Tionscnaimh ICÉI a ionchorprú sa phróiseas ceadúnaithe do sheirbhísí craolacháin[29] | Coimisiún na Meán | Ar siúl | Tionscnaimh ICÉI a ionchorprú i gconarthaí nua maidir le craoladh fuaime |
| Tuarascáil a fhoilsiú ar bhonn bliantúil ina ndéantar mapáil ar thionscnaimh ICÉI ar fud an tionscail fuaime agus closamhairc | Coimisiún na Meán | R2 gach bliain | Doiciméad Mapála ICÉI a Fhoilsiú ar Bhonn Bliantúil |
| Coiste Stiúrtha a chur ar bun chun dul chun cinn na Straitéise ICÉI a rianú agus a mheas | Coimisiún na Meán / Páirtithe Leasmhara | R2 2024 | Tiocfaidh an Coiste Stiúrtha le chéile trí huaire sa bhliain |
| Comhoibriú le comhlachtaí tionscail ábhartha chun sonraí a bhailiú maidir le cúrsaí inscne agus éagsúlachta mar a mholtar sa Tuarascáil Forfheidhmithe ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán[30] | Coimisiún na Meán i gcomhar le comhlachtaí eile | R4 2024 | Nuashonruithe rialta le roinnt trí Choiste Stiúrtha an Fhóraim ICÉI |
| Taighde a choimisiúnú maidir le mná, ceol agus craolachán chun bonn eolais a chur faoin mbreithniú ar fhorfheidhmiú na gcód craolacháin maidir le ceol | Coimisiún na Meán agus comhar/ comhpháirtíochtaí le hOllscoileanna/ taighdeoirí | R4 2024 | Tús an taighde, Coimisiún na Meán |

29 Agus iarratais ar sheirbhísí craolacháin á mheas, tá aird ag An gCoimisiún ar straitéisí agus tionscnaimh chlársceidealaithe an Iarratasóra maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht. Déantar gealltanais do na nithe sin a ionchorprú i gcoinníollacha conarthacha an iarratasóra rathúil ina dhiaidh sin. Agus an ghné seo den phróiseas ceadúnaithe á fhorbairt, féachfaidh An Coimisiún lena chinntiú go ndéanfar dul chun cinn ar na straitéisí agus tionscnaimh, ar an aer agus as an aer araon, a thagann le na prionsabail a leagtar amach ina straitéis ICÉI.

30 Beidh an tuarascáil forfheidhmithe ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán mar bhonn eolais.

| Gníomh | Eagraíocht | Amlíne beartaithe | Príomhtháscaire feidhmíochta |
|---|---|---|---|
| Tá Coimisiún na Meán chun meitheal Bailithe Sonraí a bhunú agus tuairisciú de réir mar is cuí | Coimisiún na Méan | R1 2025 | Tuairisciú rialta ón ngrúpa stiúrtha |
| Comhar a sheoladh le comhlachtaí maoinithe poiblí maidir le conairí nua chun rochtain a sholáthar ar dheiseanna san earnáil agus fócas ar ICÉI | Coimisiún na Meán agus comhlachtaí eile | R3 2024 | Tuairisciú don fhóram bliantúil ICÉI |
| Comhoibriú le gníomhaithe tionscail ábhartha chun timpeallacht shábháilte ar líne a chruthú do gach iriseoir agus oibrí meán chun dul i ngleic le mí-úsáid ar líne | Coimisiún na Meán i gcomhar le Grúpa Rannpháirtíochta na Meán | R3 2024 | Freastal ar chruinnithe sceidealta |
| Déanfaidh Coimisiún na Meán iniúchadh ar fhóram a chur ar bun in éineacht le forais oideachais, páirtithe leasmhara a bhfuil taithí acu ar an eisiamh agus fostóirí sna meáin chun bealaí a shonrú inar féidir sruth daoine cumasacha éagsúla a fhorbairt agus chun bearnaí maidir le réimsí scileanna a shonrú | Coimisiún na Meán, RBATNE, ollscoileanna agus páirtithe leasmhara | R1 2025 | Tuairisciú ar ais don fhóram bliantúil ICÉI |
| Obair thaiscéalaíoch ar bhailiú sonraí maidir le héagsúlacht san ionad oibre | Coimisiún na Meán | R4 2024 | Obair thaiscéalaíoch le tosú i gcomhar le rannáin Taighde agus Sonraí Choimisiún na Meán |
| Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar bhunachar sonraí 'Éagsúlacht ar an Aer' agus feabhas a chur ar bhunachar sonraí 'Women on Air' | Coimisiún na Meán i gcomhar leis an tionscal/ Women on Air | R4 2024 | Tús curtha le taighde |
| Fóram bliantúil ICÉI a chur ar bun | Coimisiún na Meán / Páirtithe Leasmhara | R1 2025 | Cruinniú bliantúil den Fhóram |
| Sonraí ón scéim Fuaim agus Fís a bhailiú agus a fhoilsiú | Coimisiún na Meán | Bliantúil | Foilsiú i dtuarascáil bhliantúil Choimisiún na Meán |

| Gníomh | Eagraíocht | Amlíne beartaithe | Príomhtháscaire feidhmíochta |
|---|---|---|---|
| Bailiú agus foilsiú faisnéise maidir le cúrsaí inscne agus éagsúlachta ó na scéimeanna um Fhorbairt Earnála agus Urraíocht | Coimisiún na Meán | R1 2025 | Foilsiú i dtuarascáil bhliantúil Choimisiún na Meán |
| Caighdeáin ICÉI a fhorbairt le haghaidh thionscal fuaime agus closamhairc na hÉireann mar a moladh i bplean Forfheidhmithe an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán[31] | Coimisiún na Meán / Páirtithe Leasmhara | R2 2025 | Caighhdeáin ICÉI a fhoilsiú |
| Athbhreithniú ar na Meáin Ghaeilge | Coimisiún na Meán | R4 2025 | Foilsiú an athbhreithnithe |
| Meitheal ilréimsiúil inmheánach de chuid Choimisiún na Meán a chur ar bun chun Beartas Inrochtaineachta agus Plean Forfheidhmithe a fhorbairt | Coimisiún na Meán | L2 2024 | An mheitheal a chur ar bun |

31 Sliocht as Tuarascáil Forfheidhmithe CTM, Moladh 2-4
Déanfaidh Coimisiún na Meán machnamh ar an gcreat is oiriúnaí chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus ar an gcaoi ar féidir monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíontacht leo.
Tar éis do Choimisiún na Meán anailís a dhéanamh, déanfaidh RTCEGSM breithniú ar cibé an bhfuil aon athrú reachtach ag teastáil.

## Treoir don Earnáil Fuaime agus Closamhairc

Mar a luadh thuas, le linn dó an Straitéis seo a dhréachtú, chuaigh Coimisiún na Meán i dteagmháil le líon mór páirtithe leasmhara ar mhaithe le léargais agus ionchuir a bhailiú. Léirítear sa tábla thíos torthaí na dteagmhálacha sin agus is é is aidhm dó treoir agus bearta molta a sholáthar don earnáil fuaime agus closamhairc chun tacú le haidhmeanna na Straitéise.

Soláthróidh Coimisiún na Meán, in éineacht le hearnáil na meán fuaime agus closamhairc, tuarascáil bhliantúil ar ghníomhartha ICÉI arna ndéanamh san earnáil agus, nuair is féidir, déanfaidh siad a dtionchar a thomhas agus a mheasúnú.

Ba cheart go ndéanfadh na tuarascálacha tagairt don Treoiraíocht atá leagtha amach thíos ina liostaítear roinnt gníomhartha molta, agus chomh maith leis sin tagairt do na moltaí agus do na samplaí de dhea-chleachtas a leagtar béim orthu faoi gach Colún. Chuirfí fáilte mhór roimh fhaisnéis ar chineálacha cur chuige nua agus nuálacha sa tuairisciú freisin.

| Gníomh | Eagraíocht fhreagrach | Amlíne beartaithe | Príomhtháscaire feidhmíochta |
|---|---|---|---|
| Tiocfaidh Coimisiún na Meán agus earnáil na meán fuaime agus closamhairc ar chomhaontú maidir le tuairisciú bliantúil ar ghníomhaíochtaí ICÉI agus ar a dtionchar | Coimisiún na Meán agus an earnáil | R4 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |
| Beartais ICÉI agus/nó ceannairí ICÉI a thabhairt isteach | Na meáin agus na comhlachais meán fuaime agus chlosamhairc uile | R3 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |
| Comhar comhoibríoch idir ranna nó comhlachais eagraíochtaí meán, nó grúpaí meán (trí choistí, seaimpíní, etc.) | Na meáin agus na comhlachais meán fuaime agus closamhairc uile | R3 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |
| Tuarascálacha ar an mBearna Phá idir na hInscní a fhoilsiú (i gcás inar gá de réir an dlí) | Os cionn 250 fostaí<br>Os cionn 50 fostaí | R4 2024<br>R4 2025 | Foilsiú i gcás inar gá de réir an dlí |

| Gníomh | Eagraíocht fhreagrach | Amlíne beartaithe | Príomhtháscaire feidhmíochta |
|---|---|---|---|
| Tuairisciú bliantúil ar ghníomhartha agus tionscnaimh chun comhionannas inscne san ionad oibre a chur chun cinn | Na meáin (nó na comhlachais meán) fuaime agus chlosamhairc uile | R4 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |
| Beartais a fhorbairt a bhaineann le frithbhulaíocht/frithchiapadh agus frithchiníochas, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha maidir le hionaid oibre. Pointí teagmhála sonracha agus baill foirne oilte a cheapadh chun déileáil leis na saincheisteanna sin | Na meáin (nó na comhlachais meán) fuaime agus chlosamhairc uile | R4 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |
| Cuir chuige comhoibríocha inmheánacha tras-roinne (nó tras-chomhlachais) a bhunú, amhail boird inmheánacha nó boird chomhlachais chun éagsúlacht ábhair a fheabhsú (trí choistí, seaimpíní, etc.) | Na meáin (nó na comhlachais meán) fuaime agus chlosamhairc uile | R4 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |
| Oiliúint feasachta ábhartha leanúnach a sholáthar maidir le ICÉI, feasacht maidir le míchumas, claontuairim neamh-chomhfhiosach, ionchuimsitheacht chomhfhiosach, frithchiníochas, etc. agus fócas ar leith ann ar na meáin | Na meáin (nó na comhlachais meán) fuaime agus chlosamhairc uile | R4 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |
| Cothromaíocht inscne a chinntiú i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha | Na meáin fuaime agus chlosamhairc uile | R4 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |
| Úsáid a bhaint as treoirlínte agus treoirlínte teanga arna soláthar ag eagraíochtaí ionadaíocha nó arna bhforbairt ag Aontas Náisiúnta na nIriseoirí nó ag ENRanna | Na meáin fuaime agus chlosamhairc uile | R4 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |
| Tacú le tionscnaimh in oiliúint, meantóireachtaí agus intéirneachtaí agus iad a éascú agus spriocanna ICÉI a chomhtháthú | Na meáin fuaime agus chlosamhairc uile | R4 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |

| Gníomh | Eagraíocht fhreagrach | Amlíne beartaithe | Príomhtháscaire feidhmíochta |
|---|---|---|---|
| Rannpháirtíocht le hinstitiúidí ardoideachais, institiúidí oiliúna agus scoileanna agus páirtithe for-rochtana/oideachasúla eile | RTÉ, TG4, Virgin Media TV, IBI/ Learning Waves | R4 2024 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI |
| Beartais/cóid iompair a thabhairt isteach maidir le tuairisciú ar ghrúpaí éagsúla, rannpháirtíocht (ar an aer, agallaimh, míreanna Vox Pop) le grúpaí nó ionadaithe grúpaí/pobal | Na meáin fuaime agus chlosamhairc uile | R2 2025 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI Bliain 2 |
| Oiliúint le haghaidh láithreoirí agus óstaigh ar an aer chun déileáil le caint fhuafar agus dhímheasúil ó aíonna nó rannpháirtithe i gcláir, lena n-áirítear cláir fónála isteach | Na meáin fuaime agus chlosamhairc uile | R2 2025 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI Bliain 2 |
| Measúnú ar chomhdhéanamh an lucht saothair trí shuirbhéanna deonacha inmheánacha anaithnide agus torthaí a áireamh i dtuarascálacha bliantúla chuig Coimisiún na Meán | RTÉ, TG4, Grúpaí Raidió agus Virgin Media TV | R2 2025 | Tuairisciú Bliantúil chuig Coimisiún na Meán Bliain 2 |
| Inrochtaineacht fhisiciúil ar ionaid oibre agus seirbhísí a chinntiú, agus inrochtaineacht ar ábhar a fheabhsú | Na meáin fuaime agus chlosamhairc | R2 2025 | Tuairisciú Bliantúil chuig Coimisiún na Meán |
| Comhoibriú le staidéir phíolótacha ar Shonraí Éagsúlachta | Na meáin fuaime agus chlosamhairc i gcomhar le Coimisiún na Meán | R2 2025 | Comhoibriú le staidéar píolótach |
| An Fóram bliantúil ICÉI a fhorbairt agus rannpháirtíocht ann | Na meáin fuaime agus chlosamhairc i gcomhar le Coimisiún na Meán agus páirtithe leasmhara eile | R1 2025 | Freastal ar an bhFóram bliantúil ICÉI, nó ballraíocht i gcumann a fhreastalaíonn air (Craol, IBI, Learning Waves) |

| Gníomh | Eagraíocht fhreagrach | Amlíne beartaithe | Príomhtháscaire feidhmíochta |
|---|---|---|---|
| Rannpháirtíocht le grúpaí agus pobail a bhfuil baint acu le héagsúlacht na hionadaíochta | Na meáin fuaime agus chlosamhairc i gcomhar le Coimisiún na Meán agus páirtithe leasmhara eile | R1 2025 | Freastal ar an bhFóram ICÉI, nó ballraíocht i gcumann a fhreastalaíonn air (Craol, IBI, Learning Waves) |
| Comhar agus comhoibriú le heagraíochtaí uile-tionscail um scileanna, oiliúint agus forbairt agus um maoiniú chun cur le hoiliúint, feasacht a mhúscailt, agus líonraí nua a fhorbairt | Na meáin fuaime agus chlosamhairc i gcomhar le Coimisiún na Meán agus páirtithe leasmhara eile | R3 2025 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI Bliain 2 |
| ICÉI a chomhtháthú i gcoimisiúnú/forbairt ábhair. Gníomhartha a bhaineann le Caighdeáin ICÉI Choimisiún na Meán | RTÉ, TG4, Virgin Media TV | R4 2025 | Faisnéis arna soláthar i suirbhé bliantúil ICÉI Bliain 2 |

# Aguisín

## Eagraíochtaí a raibh ionadaíocht acu ag ceardlann inscne, comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe, eanáir 2024

- Aosoideachas Leanúnach, Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- Animation Ireland
- Bauer Media Audio Ireland
- Conradh na Gaeilge
- CRAOL - Raidió Pobail na hÉireann
- Tionscail Chultúrtha agus Chruthaitheachta Skillnet
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Sainghrúpa Comhionannais
- Harte Media
- Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann
- Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann
- Learning Waves
- Ollscoil Mhá Nuad
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- Fóram Náisiúnta Mhná an Lucht Siúil
- Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
- NEAR FM
- Ionad Pavee
- Raidió na Life
- RTÉ
- Cuallacht Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann
- Fís Éireann
- Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann
- TG4
- Virgin Media
- Why Not Her?
- Women on Air
- Cuallacht Scríbhneoirí na hÉireann
- X-Pollinator

## Comhairliúchán maidir le straitéis um inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, Coimisiún na Meán 2023

- Animation Ireland
- An Chomhairle Ealaíon
- Bauer Media Audio Ireland
- Coimisiún na Meán
- An Cumann Teilifíse Pobail
- CRAOL - Raidió Pobail na hÉireann
- Tionscail Chultúrtha & Cruthaitheacha Skillnet
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Sainghrúpa Comhionannais
- Fís Éireann
- GORM MEDIA
- Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann
- LADT Éireann
- Learning Waves

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Ollscoil Mhá Nuad

Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn

Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann

Ionad Pavee

Project Open Opportunity

RTÉ

Cuallacht Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann

Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann

Screen Skills Ireland

TG4

Virgin Media

Why Not Her?

Women in Film and Television

Cuallacht Scríbhneoirí na hÉireann

X-Pollinator

## Athbhreithniú ar phlean gníomhaíochta inscne údarás craolacháin na héireann agus ionchur a chur leis an bplé maidir le straitéis um ionchuimsiú, comhionannas agus éagsúlacht, 2021

Eagraíochtaí a cuireadh faoi agallamh mar chuid d'athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta Inscne 2021

Animation Ireland

Údarás Craolacháin na hÉireann

An Cumann Teilifíse Pobail / CRAOL - Raidió Pobail na hÉireann

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Sainghrúpa Comhionannais

Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann

Learning Waves

Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann

LADT Éireann

Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Ollscoil Mhá Nuad

OFCOM

RTÉ

Fís Éireann

Scileanna Scáileáin Éireann

TG4

Virgin Media

Why Not Her?

Women in Film and Television

Cuallacht Scríbhneoirí na hÉireann

Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann

Cuallacht Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann

Project Open Opportunity

X-Pollinator